Preasráiteas 29.09.2022

An scéim Tús Maith seolta ag Cill Dara le Gaeilge

Tá an scéim *Tús Maith* seolta anois ag *Cill Dara le Gaeilge*. Is pacáiste acmhainní agus seirbhísí é *Tús Maith* a ceapadh chun tacú le tuismitheoirí/caomhnóirí leanaí óga i gContae Chill Dara. Tháinig tuismitheoirí agus caomhnóirí le chéile i Leabharlann Nás na Ríogh Déardaoin seo caite chun seoladh *Tús Maith* a cheiliúradh. Chuala siad faoi go leor de na hacmhainní atá ar fáil dóibh ó na gaelscoileanna, gaelcholáistí agus eagraíochtaí ar nós *Teanga Tí* agus *An Gúm*.

Cuirfidh an scéim seo an Ghaeilge sa bhaile, an Gaeloideachas agus na hacmhainní tacaíochta chun cinn. Chomh maith leis sin, cuirfear ranganna/ceardlanna Gaeilge ar fáil do thuismitheoirí/caomhnóirí a bhfuil páistí óga (suas go rang a dó) acu. Cabhróidh na ranganna seo leo gréasán a fhorbairt, aithne a chur ar thuismitheoirí/caomhnóirí eile, scileanna teanga a fhorbairt, téarmaí agus nathanna cainte sa Ghaeilge a fhoghlaim agus cuidiú leis na leanaí a gcuid obair bhaile a dhéanamh. Beidh ranganna/ceardlanna Gaeilge ar fáil do thuismitheoirí/caomhnóirí a bhfuil páistí óga (suas go rang a dó) acu i ngaelscoil i gContae Chill Dara agus i mbunscoil nó réamhscoil i Nás na Ríogh agus na Solláin.

Ag fógairt na nuachta seo, dúirt Sarah Walsh, Oifigeach Feidhmiúcháin, Cill Dara le Gaeilge: "Tá an-áthas orm an scéim nua *Tús Maith* a fhógairt. Má tá suim agat do pháistí/leanaí a thógáil le Gaeilge, cabhróidh an scéim seo leat. Foghlaimeoidh tú faoin gcaoi a gcuirfidh an dátheangachas le cumas do pháistí ar go leor bealaí. Ná bíodh imní ort mura cainteoir líofa Gaeilge thú, is féidir leat beagán Gaeilge a labhairt le do pháistí sa bhaile. Tá go leor acmhainní a chabhróidh leat liostaithe ar ár suíomh gréasáin."

Ráiteas ó Daithí de Faoite, Cathaoirleach, Cill Dara le Gaeilge: "Tá go leor tuismitheoirí agus caomhnóirí ag cinneadh a bpáistí a chur tríd an gcóras gaeloideachais anois. Tá súil againn go dtacóidh ár dtionscadal nua, *Tús Maith*, leis an obair iontach atá ar bun sna gaelscoileanna ar fud an chontae, trí shraith bhreise acmhainní agus líonra tacaíochta a chur ar fáil chun cabhrú leis na tuismitheoirí/caomhnóirí ar an turas seo. Tá súil againn go dtabharfaidh sé muinín do thuismitheoirí níos mó Gaeilge a úsáid sa bhaile nó go deimhin an chéim mhisniúil a ghlacadh chun a gclann a thógáil trí Ghaeilge. Táimid anseo chun cabhrú libh!"

Tá clú agus cáil ar Chontae Chill Dara mar an contae leis an méadú is mó ar líon na gcainteoirí Gaeilge sa tír. Tá deich nGaelscoil chomh maith le naíonraí, grúpaí pobail, eagraíochtaí agus coláistí samhraidh gníomhach sa chontae anois. De réir dhaoináireamh náisiúnta 2016, tá Gaeilge ag 85,426 duine i gContae Chill Dara!

Faigheann Cill Dara le Gaeilge maoiniú ón Scéim *Tacaíochta Gaeilge* atá ag *An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spórt agus Meán*.

Tugann *Cill Dara le Gaeilge* cuireadh do thuismitheoirí/caomhnóirí i gContae Chill Dara ar mhaith leo níos mó a fhoghlaim faoin scéim teagmháil a dhéanamh linn. Tá tuilleadh eolais ar fáil anseo: https://cilldaralegaeilge.ie/tusmaith.

Tuilleadh Eolais: Sarah Walsh; Cill Dara le Gaeilge - sarah@cilldaralegaeilge.ie – 045397320

Pressrelease 29.09.2022

Cill Dara le Gaeilge launches the Tús Maith scheme

Cill Dara le Gaeilge has launched the *Tús Maith* scheme. *Tús Maith* is a package of resources and services designed to support parents/guardians of young children in County Kildare. Parents and guardians came together in Naas Library last Thursday to celebrate the launch. They heard of many of the resources available to them from their gaelscoileanna, gaelcholáistí and organisations such as *Teanga Tí* agus *An Gúm*.

This scheme will promote the Irish language at home, Irish-medium education and the available support resources. In addition, Irish classes/workshops will be provided for parents/guardians with young children (up to second class). These classes will support them in developing a network, getting to know other parents/guardians, developing language skills, learning terms and expressions in Irish and will help them help their children with homework. Irish classes/workshops will be available for parents/guardians with young children (up to second class) in any Gaelscoil in County Kildare or in any primary school or pre-school in Naas and Sallins.

Announcing this news, Sarah Walsh, Executive Officer, Cill Dara le Gaeilge, said: "I am delighted to announce our new scheme *Tús Maith*. If you are interested in raising your child/children through Irish, this scheme will assist you. Learn about how bilingualism will enhance your child's ability in many ways. Don't worry if you are not a fluent Irish speaker, you can still speak a little bit of Irish to your children at home. There are lots of resources listed on our website."

Statement from Daithí de Faoite, Chairperson, Cill Dara le Gaeilge: **"**Lots of parents and guardians are now opting to send their children to Irish-medium education. We hope that our new project, *Tús Maith,* will support the great work underway in the Gaelscoileanna across the county, providing an additional set of resources and a support network to help them on this journey. We hope that it will give parents confidence to use more Irish at home or indeed to take the courageous step to raise their family through Irish. We're here to help!"

County Kildare is renowned as the county with the largest increase in the number of Irish speakers in the country. There are ten Irish-medium schools as well as pre-schools, community groups, organisations and summer colleges now active in the county. According to the 2016 national census, 85.426 people in County Kildare speak Irish!

Cill Dara le Gaeilge receives funding through the *Irish Language Support Scheme* of the *Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media*.

Cill Dara le Gaeilge invites parents/guardians in County Kildare who would like to learn more about the scheme to contact us. Further information is available here: https://cilldaralegaeilge.ie/tusmaith.

More information: Sarah Walsh; Cill Dara le Gaeilge - sarah@cilldaralegaeilge.ie – 045397320